C/2025/3180

4.6.2025

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

Foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2024 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais

(C/2025/3180)

1. Réamhrá

In 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/1814 ([1]) ('an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh') chun Cúlchiste Cobhsaíochta Margaidh ('cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh' nó 'an cúlchiste') a chruthú mar chuid de Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ('CTA AE') a cuireadh ar bun le Treoir 2003/87/CE ([2]) ('Treoir CTA'). Tá cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh i bhfeidhm ó bhí 2019 ann. Is é is cuspóir dó barrachas struchtúrach lamháltas a sheachaint ar mhargadh carbóin an Aontais, agus an riosca gaolmhar ann go gcuirfeadh sé sin cosc ar CTA AE an comhartha infheistíochta is gá a thabhairt chun an sprioc maidir le laghdú astaíochtaí an Aontais a bhaint amach. Tá sé d'aidhm ag cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh freisin CTA AE a dhéanamh níos athléimní maidir le míchothromaíochtaí i ndáil le soláthar-éileamh, ionas gur féidir le margadh carbóin an Aontais feidhmiú ar bhealach níos rianúla.

Faoi Airteagal 1(4) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, gach bliain foilsíonn an Coimisiún líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le haghaidh na bliana roimhe sin. Is leis an bhfigiúr sin a chinntear oibriú chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh, is é sin an ndéantar lamháltais a tharraingt siar ón méid ceantála agus a chur sa chúlchiste nó an ndéantar iad a scaoileadh ón gcúlchiste agus a chur ar ceant. Dá bhrí sin, gné thábhachtach den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh agus de CTA AE is ea foilsiú bliantúil líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht.

An 3 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le haghaidh 2023, líon dar méid 1 111 736 535 ([3]). Dá réir sin, bhí 266 816 768 lamháltas le cur sa chúlchiste ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025. Ba é 381 744 844 an líon lamháltas san iomlán a neamhbhailíochtadh an 1 Eanáir 2024.

Is éard atá sa Teachtaireacht seo an naoú foilsiú de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht, agus baineann sí le 2024. Sonraítear inti an bunríomh agus líon na lamháltas a chuirfear sa chúlchiste idir an 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2026. Tugtar le fios inti freisin an líon lamháltas sa chúlchiste a neamhbhailíochtadh an 1 Eanáir 2025.

2. Feidhmiú Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh

Feidhmíonn Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh go huathoibríoch nuair atá líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht lasmuigh den raon sonraithe. Déantar lamháltais a tharraingt siar ón méid ceantála agus cuirtear sa chúlchiste iad má sháraíonn líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht an tairseach 833 mhilliún. Socraítear ráta iontógála an chúlchiste ag 24 % de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht nuair is airde an líon sin ná 1 096 mhilliún. Nuair atá líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht idir 833 mhilliún agus 1 096 mhilliún, is é atá san iontógáil an difríocht idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus 833 mhilliún. Más lú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht ná an tairseach 400 milliún, scaoiltear 100 milliún lamháltas as an gcúlchiste agus cuirtear ar ceant iad. Le linn thréimhse 12 mhí, cuirtear lamháltais sa chúlchiste, sin nó scaoiltear iad ón gcúlchiste. Ó 2023, aon lamháltas a choinnítear sa chúlchiste an 1 Eanáir gach bliain atá os cionn tairseach 400 milliún, níl siad bailí a thuilleadh.

Faoi Airteagal 1(5) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh agus i gcomhréir leis an Teachtaireacht seo, cuirfear 24 % de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht an 31 Nollaig 2024 nó an difríocht idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus 833 mhilliún sa chúlchiste thar thréimhse 12 mhí dar tús an 1 Meán Fómhair 2025. Bainfear líon comhfhreagrach lamháltas de mhéideanna ceantála Bhallstáit an Aontais, de na trí thír i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa – an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua) agus, maidir le giniúint leictreachais i dTuaisceart Éireann, den Ríocht Aontaithe. Bainfear na lamháltais sin i gcomhréir le sciartha ceantála gach ceann de na tíortha sin.

([1]) Decision (EU) 2015/1814 of the European Parliament and of the Council of 6 October 2015 concerning the establishment and operation of a market stability reserve for the Union greenhouse gas emission trading scheme and amending Directive 2003/87/EC (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1).

([2]) Directive 2003/87/EC of the European Parliament and of the Council of 13 October 2003 establishing a scheme for greenhouse gas emission allowance trading within the Community and amending Council Directive 96/61/EC (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2023 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CE (IO C, C/2024/3415, 3.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3415/oj).

Faoi Airteagal 1(5) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, go dtí an 31 Nollaig 2030, aon lamháltais a dháilfear chun críoch dlúthpháirtíochta agus fáis in CTA AE ([4]), ní áireofar iad i ríomh na sciartha ábhartha chun críocha an Chinnidh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

3. **Líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht**

Faoi Airteagal 1(4) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, is éard a bheidh i líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht i mbliain ar leith *líon carnach na lamháltas a eisíodh i leith suiteálacha agus cuideachtaí loingseoireachta agus nár cuireadh sa chúlchiste sa tréimhse ón 1 Eanáir 2008, lena n-áirítear líon na lamháltas a eisíodh de bhun Airteagal 13(2) de Threoir 2003/87/CE, sa leagan a bhí i bhfeidhm an 18 Márta 2018, le linn na tréimhse sin agus teidlíochtaí chun creidmheasanna idirnáisiúnta arna bhfeidhmiú ag suiteálacha faoi CTA AE a úsáid, go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ar leith sin, lúide na tonaí carnacha astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha agus cuideachtaí loingseoireachta faoi CTA AE idir an 1 Eanáir 2008 agus an 31 Nollaig sa bhliain ar leith céanna sin, chomh maith le haon lamháltas a cuireadh ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Threoir 2003/87/CE.*

I mbeagán focal, úsáidtear an fhoirmle arna tabhairt cothrom le dáta chun líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht atá ábhartha le haghaidh oibriú an Chinnidh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a ríomh:

Líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht — Soláthar — Éileamh

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar an dá eilimint den ríomh sa Teachtaireacht seo. Tugtar achoimre ar na figiúir uile ag deireadh an tábla.

Leagtar an méid seo a leanas síos sa chéad mhír d'Airteagal 1(4a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, *ó 2024 ar aghaidh, áireofar i ríomh líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in aon bhliain ar leith líon carnach na lamháltas arna n-eisiúint i leith na heitlíochta agus na tonaí carnacha d'astaíochtaí fíoraithe ón eitlíocht faoi CTA AE, cé is moite d'astaíochtaí ó eitiltí ar bhealaí a chumhdaítear le fritháireamh arna ríomh de bhun Airteagal 12(6) de Threoir 2003/87/CE, idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig den bhliain áirithe chéanna sin.*

Cumhdaítear le CTA AE astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair ón 1 Eanáir 2024. Dá réir sin, áirítear i ríomh líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le haghaidh 2024 an líon lamháltas a eisítear i leith cuideachtaí loingseoireachta agus na hastaíochtaí fíoraithe ó chuideachtaí loingseoireachta ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024. Leagtar an méid seo a leanas síos sa dara mír d'Airteagal 1(4a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh *measfar na lamháltais a cuireadh ar ceal de bhun Airteagal 3gb de Threoir 2003/87/CE a bheith eisithe chun líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht a ríomh.*

Soláthar

Áirítear leis an soláthar lamháltas ar mhargadh carbóin an Aontais na heilimintí seo a leanas:

— Lamháltais a cuireadh sa bhanc ([5]) ó chéim 2 de CTA AE (2008-2012), dar luach **1 749 540 826** ([6]).

— Lamháltais a leithdháileadh saor in aisce ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024 ([7]), lena n-áirítear na lamháltais a leithdháileadh ón gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua. Is é luach an mhéid sin **8 747 619 334** lamháltas ([8]).

([4]) Faoi Airteagal 10(2)(b) de Threoir 2003/87/CE.

([5]) Lamháltais a eisíodh le linn chéim 2 de CTA AE (2008-2012), nár tugadh suas chun astaíochtaí fíoraithe a chumhdach, nó a cuireadh ar ceal, cuireadh 'sa bhanc' iad lena n-úsáid ag tús chéim 3 de CTA AE (2013-2020). Scriosadh na hastaíochtaí sin agus, an tráth céanna, cruthaíodh líon comhionann lamháltas i gcéim 3. Dá bhrí sin, is léiriú é an líon sin ar líon cruinn na lamháltas CTA i gcúrsaíocht ag tús chéim 3 de CTA AE.

([6]) COM (2015) 576 - Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear an tuarascáil ar fheidhmiú mhargadh carbóin na hEorpa agus an tuarascáil ar an athbhreithniú ar Threoir 2009/31/CE maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin.

([7]) Faoi Airteagal 1(4a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, le haghaidh eitlíochta, cuirtear san áireamh lamháltais a leithdháileadh saor in aisce ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

([8]) Tá na lamháltais a leithdháileadh saor in aisce bunaithe ar na sonraí a baineadh as Clárlann an Aontais an 1 Aibreán 2025, lena n-áirítear sonraí CTA AE le haghaidh na n-oibreoirí aerárthaigh atá faoi riarachán na hEilvéise.

— Lamháltais a cuireadh ar ceant ón 1 Eanáir 2013 ([9]) go dtí an 31 Nollaig 2024 ([10]), agus lamháltais a úsáideadh chun críoch solúbthachta in 2021-2024 faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/842 ([11]) ('an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill'). De réir tuarascálacha ceantála ar an ardán ceantála coiteann agus ar na hardáin ábhartha um rogha an diúltaithe ([12]), ba é **8 190 671 500** méid na lamháltas a cuireadh ar ceant, lena n-áirítear 'ceantanna luatha'. Ní mór **28 855 152** lamháltas a chur leis an méid sin faoin tsolúbthacht a leagtar amach in Airteagal 6(2) den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill ([13]).

— Lamháltais a gcuirtear luach airgid orthu le haghaidh chlár NER300. Chuir an Banc Eorpach Infheistíochta luach airgid ar **300 000 000** lamháltas san iomlán.

— Creidmheasanna idirnáisiúnta arna bhfeidhmiú le haghaidh astaíochtaí ó 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020 ([14]). D'úsáid suiteálacha **497 248 017** gcreidmheas idirnáisiúnta le haghaidh na n-astaíochtaí a ghin siad ([15]).

— Faoi Airteagal 1(4) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, **ní cuid de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht a thuilleadh** iad lamháltais a cuireadh i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

Éileamh

An t-éileamh ar lamháltais ar mhargadh carbóin an Aontais, cuimsítear leis iomlán na n-astaíochtaí fíoraithe ó eintitis chomhlíontachta ón 1 Eanáir 2013 ([16]) go dtí an 31 Nollaig 2024 ([17]), iomlán dar luach **18 365 179 314** tona ([18]), agus **705 930** lamháltas a cuireadh ar ceal le linn na tréimhse sin faoi Airteagal 12(4) de Threoir CTA.

Líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht

Bunaithe ar an méid thuas, is é **1 148 049 585** líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2024.

Sealúchais Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh

Tar éis neamhbhailíochtú lamháltas an 1 Eanáir 2024, bhí **400 000 000** lamháltas fágtha sa chúlchiste.

([9]) Cuimsítear san fhigiúr sin 'ceantanna luatha', i.e. lamháltais a bhí bailí le haghaidh chéim 3 de CTA AE (2013-2020), a bhí curtha ar ceant roimh an 1 Eanáir 2013.

([10]) Faoi Airteagal 1(4a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh agus ós rud é go gcumhdaítear le CTA AE gníomhaíochtaí muiriompair ón 1 Eanáir 2024, le haghaidh eitlíochta agus loingseoireachta, breithnítear lamháltais a cuireadh ar ceant ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

([11]) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

([12]) Tuarascálacha ceantála: European Energy Exchange (https://www.eex.com/en/market-data/market-data-hub/environmentals/eu-ets-auctions) agus Malartú Idir-ilchríochach (https://www.ice.com/report/148).

([13]) Le Rialachán (AE) 2018/842 cruthaítear foráil solúbthachta aonuaire trína féidir leis na Ballstáit suas le huasmhéid 100 milliún lamháltas CTA AE a chur ar ceal go carnach sa tréimhse 2021-2030, ionas gur féidir leo a spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha faoin Rialachán sin a chomhlíonadh. Baineann an fhoráil solúbthachta le Ballstáit a bhfuil spriocanna acu arb airde go mór iad ná an meán san Aontas agus a n-acmhainn chun laghduithe costéifeachtacha a dhéanamh, agus baineann sí freisin le Ballstáit nár leithdháil aon lamháltas saor in aisce CTA AE do shuiteálacha tionsclaíocha in 2013. Déantar cealú ó mhéid ceantála an Bhallstáit lena mbaineann faoi Airteagal 10 de Threoir CTA. Agus líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht á chinneadh chun críocha Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh i mbliain ar leith, meastar gur lamháltais CTA AE i gcúrsaíocht iad lamháltais arna gcur ar ceal.

([14]) Ní féidir creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid le haghaidh comhlíontachta ó 2021.

([15]) Bunaithe ar shliocht ó Chlárlann an Aontais ón 1 Aibreán 2025. Na creidmheasanna idirnáisiúnta sin, ní bhaineann siad ach amháin leis na cinn a malartaíodh ar lamháltais de chuid an Aontais i gcéim 3 de CTA AE (2013-2020). Léirítear i líon na lamháltas a cuireadh sa bhanc ó chéim 2 thart ar 1.1 billiún creidmheas idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a úsáid go díreach chun críoch comhlíonta i gcéim 2 de CTA AE (2008-2012).

([16]) A chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí fíoraithe sa tréimhse 2008-2012 (céim 2), féach fonóta 5.

([17]) Faoi Airteagal 1(4a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, agus ós rud é go gcumhdaítear le CTA AE gníomhaíochtaí muiriompair ón 1 Eanáir 2024, le haghaidh eitlíochta agus loingseoireachta, áirítear astaíochtaí fíoraithe ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

([18]) Tá na lamháltais fíoraithe iomlána bunaithe ar na sonraí a baineadh as Clárlann an Aontais agus ó Chlárlann Trádála Astaíochtaí na hEilvéise an 1 Aibreán 2025 le haghaidh na n-oibreoirí aerárthaigh atá faoi riarachán na hEilvéise. Áirítear san fhigiúr sin astaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh faoin 31 Márta 2025 – an sprioc-am maidir le tuairisciú in CTA AE. Astaíochtaí a thuairiscítear i ndiaidh an dáta sin, ní léirítear san iomlán iad.

I gcomhréir leis na teachtaireachtaí faoi líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le blianta beaga anuas, cuireadh na méideanna lamháltas seo a leanas sa chúlchiste:

— **181 567 159** lamháltas ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2024 ([19]);

— **88 938 927** lamháltas ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 ([20]);

An 31 Nollaig 2024, bhí **670 506 086** lamháltas i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. An 1 Eanáir 2025, rinneadh **270 506 086** de na lamháltais sin a neamhbhailíochtú faoi Airteagal 1(5a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Is é **400 000 000** lamháltas atá sna sealúchais atá fágtha sa mhéid cúlchiste.

4. **Conclúid**

I gcomhréir leis an gCinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, cuirfear **275 531 900** lamháltas san iomlán sa chúlchiste thar thréimhse 12 mhí ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2026.

Le foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht an bhliain seo chugainn, cinnfear oibriú chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh ó mhí Mheán Fómhair 2026 go dtí mí Lúnasa 2027.

Forbhreathnú

Soláthar	
a) Lamháltais a cuireadh sa bhanc ó chéim 2 (2008-2012)	1 749 540 826
b) Lamháltais a leithdháileadh saor in aisce ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024, lena n-áirítear lamháltais ón gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua	8 747 619 334
c) Lamháltais a cuireadh ar ceant ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024, lena n-áirítear ceantanna luatha	8 190 671 500
d) Lamháltais a úsáideadh chun críoch solúbthachta in 2021-2024 faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/842	28 855 152
e) Lamháltais ar cuireadh luach airgid orthu le haghaidh chlár NER300	300 000 000
f) Creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáideadh le haghaidh astaíochtaí ó 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020	497 248 017
Lánsuim (soláthar)	19 513 934 829
Éileamh	
a) Astaíochtaí fíoraithe (i dtonaí) faoi CTA AE ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024	18 365 179 314
b) Lamháltais a cuireadh ar ceal faoi Airteagal 12(4) de Threoir 2003/87/CE go dtí an 31 Nollaig 2024	705 930
Lánsuim (éileamh)	18 365 885 244
Líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht	1 148 049 585

([19]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, Foilsiú líon iomlán na lamháltas a bhí i gcúrsaíocht in 2022 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (IO C 172, 15.5.2023, lch. 1). De réir mar a chinntear i bpointe 4 den Teachtaireacht seo, bheadh 272 350 737 lamháltas le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024. Ba é 181 567 159 an méid a chomhfhreagraíonn don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Lúnasa 2024.

([20]) C/2024/3415, dá dtagraítear i bhfonóta 3. De réir mar a chinntear i bpointe 4 den Teachtaireacht seo, bheadh 266 816 768 lamháltas le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025. Ba é 88 938 927 an méid a chomhfhreagair don tréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2024.